# COMHAONTÚ

**SÍNEADH AN COMHAONTÚ SEO** ar an lá de
idir Comhairle Chontae na Gaillimhe arna bhfuil a cuid oifigí lonnaithe ag Áras an Chontae, Cnoc na Radharc i gContae na Gaillimhe (dá ngairtear "an Comhairle" anseo feasta) de Pháirt Amháin agus **Ainm an Ghrúpa Pobail** arna bhfuil an seoladh,
leis, (dá ngairtear "Úinéir Talún" anseo feasta) den Pháirt Eile.

**(A) DE BHRÍ**

1. Gur le **Ainm an Ghrúpa Pobail** tailte faoi leith i mbaile fearainn agus i gContae na Gaillimhe agus é seo léirithe i ngorm ar an mapa atá iniata leis seo arna ndéanfaidh an úinéir talún páirc spraoi don phobal a fhorbairt/a thógáil, (dá ngairtear "Páirc Spraoi" anseo feasta).

2. Gur aontaigh an Comhairle le **Ainm an Ghrúpa Pobail** go ndéanfar páirc spraoi a fhorbairt ar na tailte seo agus gur aontaigh an Comhairle agus an Úinéir Talún an Comhaontú seo a chomhlíonadh chun críocha:

    (a) Sainmhíniú a thabhairt ar nádúr agus réim an chaidrimh idir an Comhairle agus **Ainm an Ghrúpa Pobail**.

**(B) AONTAÍTEAR AGUS DEARBHAÍTEAR LEIS MAR SEO A LEANAS:**

1. Chun breithniú a bheidh sonraithe anseo feasta, cuirfidh an Comhairle Árachas Dliteanas Phoiblí agus Árachas Dliteanas Fostóra ar fáil i leith an páirc spraoi don phobal faoi réir gnáth-théarmaí, choinníollacha agus eisceachtaí beartais Dliteanas Poiblí agus Dliteanas Fostóra na Comhairle.

2. Tá sé comhaontuithe go sainráiteach idir an dá pháirtí nach mbeidh **Ainm an Ghrúpa Pobail** i dteideal seilbh eisiach den Pháirc Spraoi agus beidh sé de chead ag an gComhairle, a cuid Seirbhísigh agus Gníomhairí dul isteach agus úsáid a bhaint as an bPáirc Spraoi i gcónaí.

3. Admhaíonn an dá pháirtí go sonrach nach gcruthaíonn an comhaontú seo gaol idir an tiarna talún agus an tionónta ar aon bhealach agus ní chuirfidh, ní chruthóidh agus ní fhorléireofar aon ní anseo chun tionóntacht a chruthú.

4. Tá an trealamh a chuir / a chuirfidh **Ainm an Ghrúpa Pobail** ar fáil sonraithe sa Dara Sceideal leis seo. Ní liosta uileghabhálach atá anseo agus féadfaidh an Comhairle nó an Úinéir Talún cur leis an liosta i rith an téarma seo. Déanfaidh **Ainm an Ghrúpa Pobail** cothabháil ar an trealamh agus cinnteoidh siad go mbeidh an trealamh faoi dheá-bhail.

5. Aontaítear leis go mbeidh an trealamh a chuirfear ar fáil ag tús feidhme an Chomhaontuithe seo faoi dheá-bhail agus in ordú maith.

6. Aontaítear leis gur féidir leis an gComhairle, gan fógra a thabhairt, dul isteach sa Pháirc Spraoi ag am ar bith agus trealamh atá lochtach a bhaint as nó a aimsiú.

**(C) I GCOMAOIN** an Comhairle a bheith ag soláthar clúdach árachais geallann **Ainm an Ghrúpa Pobail**:

1. Aon trealamh a thugtar isteach sa Pháirc Spraoi a chothabháil agus a sheirbhísiú agus conarthaí a chur le chéile chun an trealamh sin a chothabháil agus a sheirbhísiú agus ó am go chéile admhálacha a sholáthar ar íocaíochtaí atá le déanamh de réir na comhaontuithe cothabhála agus seirbhíse nuair a iarrtar sin.

2. Do bheith freagrach as bainistíocht agus rialú na Páirce Spraoi agus a chinntiú nach mbíonn aon úsáid a bhaineann **Ainm an Ghrúpa Pobail** nó a Tochraithe ina chúis oilc nó náire don Chomhairle.

3. An Páirc Spraoi a choinneáil glan agus aon damáiste a thagann chun cinn de bharr úsáid nó a bhaineann le húsáid an Pháirc Spraoi a dheisiú.

4. Ceadú d'oifigigh nó d'ionadaithe na Comhairle dul isteach sa Pháirc Spraoi chun na críche sin agus chun iniúchtaí tréimhsiúil a dhéanamh de réir mar a mheasann siad sin a bheith cuí agus tar éis fógra i scríbhinn a fháil ón gComhairle i leith locht ar bith nó deisiúcháin a theastaíonn na hoibreacha sin a dhéanamh gan mhoill chun sástacht na Comhairle.

5. Go ndéanfaidh siad gach cáin, dleacht, measúnú, suíomh agus eisíocaíocht reatha agus don todhchaí ar féidir a mheas nó a ghearradh i leith Páirc Spraoi a íoc.

6. Go ndéanfaidh comhalta inniúil a bheidh ainmnithe ag **Ainm an Ghrúpa Pobail** iniúchadh seachtainiúil ar an bPáirc Spraoi agus beidh taifid de na hiniúchtaí seo faoi choinneáil agus faoi chothabháil ag **Ainm an Ghrúpa Pobail**. Cuirfear tuairisc de na hiniúchtaí seo ar aghaidh chuig Comhairle Chontae na Gaillimhe ar an gcéad lá de gach mí i bhformáid arna mbeidh ar Comhairle Chontae na Gaillimhe agus **Ainm an Ghrúpa Pobail** a chomhaontú**.**

7. Go ndéanfaidh **Ainm an Ghrúpa Pobail** cinnte go mbeidh an Pháirc Spraoi glan agus saor ó bhruscar agus ó dhramhaíl scaoilte. Caithfear gach dramhaíl a dhiúscairt go seachtainiúil agus gan ligean don dramhaíl carnadh.

8. Go mbeidh **Ainm an Ghrúpa Pobail** freagrach as bailiú agus diúscairt gach bruscar agus dramhaíl a thagann ó úsáid na Páirce Spraoi.

9. Nach ndéanfaidh **Ainm an Ghrúpa Pobail** aon dramhaíl nó bruscar a dhiúscairt sa Pháirc Spraoi trína dhó.

10. Go ndéanfaidh **Ainm an Ghrúpa Pobail** cinnte nach mbíonn aon chontúirt ná guais sa pháirc spraoi agus más rud go bhfaightear aon chontúirt nó guais tar éis an iniúchadh seachtainiúil a dhéanamh ar an bPáirc Spraoi go ndéanfar iad a bhaint as láithreach.

11. Go ndéanfaidh **Ainm an Ghrúpa Pobail** aon trealamh atá lochtach nó briste a aimsiú nó a bhaint ó úsáid sa Pháirc Spraoi láithreach.

12. Go gcuirfear an Comhairle ar an eolas láithreach ar an bhfón agus i scríbhinn i leith trealamh atá lochtach nó briste sa Pháirc Spraoi.

13. Go ndéanfaidh **Ainm an Ghrúpa Pobail** rialacha, rialacháin, riachtanais agus fodhlíthe na Comhairle agus aon Údarás Áitiúil eile agus riachtanais aon Acht Parlaiminte nó Ionstraim Reachtúil i leith úsáideoir an Pháirc Spraoi a urramú agus a chomhlíonadh agus go gcomhlíonfar na rialacha agus na rialacháin ar fad a dhéanann an Comhairle ó am go ham.

14. Nach dtabharfaidh **Ainm an Ghrúpa Pobail** faoi, nach ndéanfaidh, nach gcruthóidh agus nach gceadóidh siad aon ghníomh nó rud i nó i gcóngar don Pháirc Spraoi a bheadh nó a d'fhéadfadh a bheith mar núis nó míchaoithiúlacht nó a dhéanfadh damáiste nó crá don Chomhairle nó do dhaoine eile, nó a sháraíonn aon fhoráil, ordú nó rialachán Reachtúil atá i bhfeidhm ó am go ham.

15. Go gcuirfidh **Ainm an Ghrúpa Pobail** a chuid Baill ar fáil d'aon oiliúint a eagraíonn an Comhairle d'fhonn inniúlacht aon ball inniúil atá ainmnithe mar Úinéir Talún tabhairt faoi iniúchtaí faoi Alt 6 thuas a chinntiú

**(D) GEALLANN AN COMHAIRLE LEIS SEO A LEANAS**:

**1.** Go gcuirfear Dliteanas Poiblí i gcrích agus i bhfeidhm le linn an Cheadúnais seo (agus más infheidhme é) polasaí Dliteanas Fostóra nó polasaithe eile ar Árachas i leith Páirc Spraoi mar is riachtanach le haghaidh an Comhairle agus **Ainm an Ghrúpa Pobail** a chumhdach ó éilimh ag éirí as nó de bhun Dliteanas Poiblí nó Dliteanas Fostóra agus a chinntiú go ndéanann Árachóirí **Ainm an Ghrúpa Pobail** a shlánú ar an dóigh chéanna leis an gComhairle faoi réir gnáth-théarmaí, choinníollacha agus eisceachtaí na mbeartas ábhartha.

**(E)**1. **AR CHOINNÍOLL** go n-aontaítear ar seo ar fad agus go dteipeann ar **Ainm an Ghrúpa Pobail** aon chuid de na freagrachtaí atá orthu a dhéanamh de réir an chomhaontuithe seo beidh sé de chead ag an gComhairle deireadh a chur leis an

gcomhaontú. Gan Dochar do ghinearáltacht an mhéid roimhe seo má theipeann ar an Úinéir Talún dóthain taifid ar shábháilteacht a sholáthar agus a choinneáil féadfaidh an Comhairle deireadh a chur leis an gCeadúnas láithreach (nó ag aon am ina dhiaidh sin) gan dochar do chearta na Comhairle i leith sárú Cúnaint atá ar marthain.

2. Go bhfanfaidh an comhaontú seo i bhfeidhm don Téarma ach amháin má chuirtear deireadh leis de bhun clásal 1 lastuas ar choinníoll gur féidir leis an gComhairle deireadh a chur leis an gcomhaontú seo ag tabhairt fógra i scríbhinn do **Ainm an Ghrúpa Pobail** trí mhí roimh ré ag tabhairt le fios go bhfuil sé ar intinn acu deireadh a chur leis. Déanfar fógra den sórt sin a sheirbheáil ar an Úinéir Talún ag an seoladh atá luaite leis tríd an bPost Cláraithe. Ar éag d'fhógra den sórt sin measfar deireadh a bheith tagtha leis an gCeadúnas.

3. Nach measfar go bhfuil aon rud sa gComhaontú seo ina baránta ag an gComhairle go bhfuil an Páirc Spraoi nó aon chuid dhe údaraithe de réir na hAchtanna Pleanála nó ar dhóigh eile d'aon sainchuspóir.

4. Gur do **Ainm an Ghrúpa Pobail** amháin an Comhaontú seo agus nach mbeidh siad i dteideal an Comhaontú seo nó aon leas go hiomlán nó go páirteach a bhaineann leis a shannadh, a ghearradh nó a mhorgáistiú, nó ar dhóigh eile an Comhaontú a dhiúscairt nó Fochomhaontú a cheadú.

5. Go mbeidh forléiriú, bailíocht agus feidhmiú an Chomhaontuithe seo faoi rialú ar gach slí ag dlíthe na hÉireann. Sa chás go mbíonn díospóid nó easaontas idir an dá pháirtí, cuirfear ábhar na díospóide chuig Eadránaí neamhspleách a ainmneoidh an dá pháirtí nó cheal comhaontú i leith iarratas ceachtar páirtí chuig uachtarán reatha Dlí-Chumann na hÉireann. Géillfidh na páirtithe ar fad d'údarás an Eadránaí seo agus comhlíonfaidh siad gach iarratas agus treoir a thugann an Eadránaí atá réasúnach agus beidh feidhm ag an Acht Eadrána 1954 agus 1980 (arna modhnuithe agus arna leasú ag aon reacht atá i bhfeidhm faoi láthair) ar Eadráin den sórt seo.

**AN CHÉAD SCEIDEAL**

1. An dáta dar tús feidhme ná
1. An téarma ná
2. An Táille ar Cheadúnas ná

**AN DARA SCEIDEAL**

(Liosta den Trealamh)

**I LÁTHAIR** nuair a bhí séala
**CHOMHAIRLE CONTAE NA GAILLIMHE**
Á fíordheimhniú ag:-

____________________________
Fostaí Ainmnithe chun críche an séala
a fhíordheimhniú

**I LÁTHAIR** nuair a cuireadh gnáthshéala an
Úinéara Talún leis seo

# nó

**SÍNITHE, SÉALAITHE AGUS SEACHADTA**
Thar ceann an Úinéara Talún:-

_________________________
**Rúnaí**

___________________________
**Stiúrthóir nó Cathaoirleach**